



www.lgbc-ni.org.uk
info@lgbc-ni.org.uk



Athbhreithniú 2021-2022 ar na Moltaí Sealadacha

Arna fhoilsiú an 27 Iúil 2021

Clár Ábhar

Caibidil 1. Réamhrá	3
Caibidil 2. An Creat Reachtach	5
Caibidil 3. An obair go dtí seo agus na príomh-gharspriocanna	6
Caibidil 4. An cur chuige ginearálta i leith an Athbhreithnithe	7
Caibidil 5. Ainm na gCeantar agus na mBardaí	10
Caibidil 6. Modheolaíocht	11
Caibidil 7. Moltaí Sealadacha le haghaidh an 11 Cheantar	18
7.1 Ceantar Aontroma agus Bhaile Nua na Mainistreach	18
7.2 Cathair Ard Mhacha, Droichead na Banna agus Craigavon.....	21
7.3 Béal Feirste	24
7.4 Cósta Chlochán an Aifir agus na Glinnte.....	28
7.5 Cathair Doire agus Comhairle Ceantar An Sratha Bán	31
7.6 Fear Manach agus an Ómaigh	34
7.7 Lios na gCearrbhach agus an Caisleán Riabhach	37
7.8 Aontroim Láir agus Thoir	40
7.9 Lár Uladh.....	43
7.10 An tlúr, Múrna agus an Dún.....	46
7.11 An Dún ó Thuaidh an Aird agus	49
Caibidil 8. Na Chéad Chéimeanna Eile	52

Caibidil 1. Réamhrá

- 1.1 Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo na Moltaí Sealadacha uaim le haghaidh an Athbhreithnithe ar Theorainneacha Rialtais Áitiúil i dTuaisceart Éireann. Beidh na Moltaí Sealadacha sin ina n-ábhar do chomhairliúchán poiblí anois.
- 1.2 Cheap an Roinn Pobal mé mar Choimisinéir um Theorainneacha Rialtais Áitiúil do Thuaisceart Éireann i mí an Mheithimh 2020. D'fhógair Carál Ní Chuilín CTR, an tAire Pobal ag an am, mo cheapachán an 16 Meitheamh 2020.
- 1.3 Tá sé mar chúram orm athbhreithniú a dhéanamh ar líon, teorainneacha agus ainm an 11 cheantar rialtais áitiúil agus ar líon, teorainneacha agus ainm na mbardaí a roinntear gach ceantar isteach iontu agus moltaí a dhéanamh ina leith. Thug an Roinn ordú dom na moltaí deiridh uaim a chur isteach faoin 31 Bealtaine 2022.
- 1.4 D'fhoilsigh mé fógra poiblí an 3 Feabhra 2021 á rá gur seoladh suíomh Gréasáin LGBC agus gur curtha i gcrích a bhí an chéim ullmhúcháin den Athbhreithniú. Thug mé cuireadh do chomhairlí, do pháirtithe polaitíochta, do chumainn, d'eagraíochtaí agus do dhaoine aonair den phobal tograí a chur isteach maidir le líon, teorainneacha agus ainm an 11 cheantar; agus maidir le líon, teorainneacha agus ainm na mbardaí laistigh den 11 cheantar.
- 1.5 D'iarr mé ar an Roinn Coimisinéirí Cúnta a cheapadh chun cabhrú liom an tAthbhreithniú a dhéanamh. Beidh sé mar phríomhról ag na Coimisinéirí Cúnta breithniú a dhéanamh ar uiríll i scríbhinn agus ó bhéal arna ndéanamh i dtaca leis na Moltaí Sealadacha uaim agus comhairle neamhchlaon a thabhairt dom.

- 1.6 Bunaíodh an tAthbhreithniú le linn tréimhse dhúshlánach. Faighim tacaíocht ó fhoireann bheag oifigeach a tugadh ar iasacht ó Státseirbhís Thuaisceart Éireann, agus iad faoi stiúir ag Jenny McGuigan, mo Rúnaí. Tá m'fhoireann ag obair i gcomhar le foireann oifigeach léarscáilíochta agus cairtithe i Suirbhéireacht Ordanáis Thuaisceart Éireann (OSNI), ar rannóg de Sheirbhísí Talún agus Maoine sa Roinn Airgeadais í, agus le comhghleacaithe in Oifig Thoghchánaíochta Thuaisceart Éireann. Ós rud é go bhfuil gach duine ag obair go cianda ón uair a ceapadh mé i leith, níor bhuail na baill ar fad den fhoireann lena chéile i bpearsa go fóill. Molaim na baill den fhoireann as a gcuid scileanna agus athléimneachta agus iad ag tabhairt an Athbhreithnithe chuig an chéim seo, agus tá mé ag súil le bualadh leo i bpearsa nuair a bheidh sé sábháilte déanamh amhlaidh.
- 1.7 Rinne mé dianiarracht an tAthbhreithniú seo a dhéanamh chomh hinrochtana agus chomh chuimsitheach agus is féidir. Tá na Moltaí Sealadacha seo á gcur i láthair agam i bhformáid dhigiteach inrochtana ar fhorbair OSNI í. Ní hé amháin gur de bharr na staide reatha sláinte poiblí atáthar ag glacadh an chuir chuige sin ach táthar á ghlacadh fosta toisc gur fearr i bhfad, i mo thuairimse, cáilíocht na léarscáileanna digiteacha ná cáilíocht aon leagain chlóite agus cuirfidh sé sin ar chumas gach duine na tograí uaim a scrúdú go mion. Tá súil agam go spreagfaidh na moltaí sealadacha seo plé fiúntach i measc an phobail.

Caibidil 2. An Creat Reachtach

- 2.1 Leagtar amach sa chaibidil seo an creat reachtach don Athbhreithniú. Leagtar amach sa Local Government Act (Northern Ireland) 1972, arna leasú, paraiméadair an Athbhreithnithe ar Theorainneacha Rialtais Áitiúil agus na nósanna imeachta le haghaidh an Athbhreithnithe nach mór dom iad a leanúint.
- 2.2 Ceapadh mé faoi Chuid IV den Acht thuas, de réir mhír (1)(b) d’Airteagal 50. Foráiltear don mhéid seo a leanas le Cuid IV den Acht:
- Beidh sé mar fheidhm ag Coimisinéir a ceapadh faoi fho-alt 50(1)(b) athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh maidir le*
- a. *Líon, teorainneacha agus ainm na gceantar rialtais áitiúil; agus*
 - b. *Líon, teorainneacha agus ainm na mbardaí a roinntear gach ceantar iontu.*
- 2.3 Leagtar amach i Sceideal 4 den Acht thuasluaite an próiseas ceapacháin le haghaidh Coimisinéir um Theorainneacha Rialtais Áitiúil agus an nós imeachta le haghaidh an Athbhreithnithe nach mór dom é a leanúint agus na rialacha nach mór dom cloí leo. Is féidir tuilleadh mionsonraí faoin reachtaíocht sin a aimsiú ag www.lgbc-ni.org.uk/links. Tá an cur chuige a ghlac mé i leith na reachtaíochta sin leagtha amach i Rannán 4 den tuarascáil seo.
- 2.4 Mionsonraítear ainm agus teorainneacha reatha na gceantar rialtais áitiúil agus na mbardaí rialtais áitiúil i dTuaisceart Éireann sa Local Government (Boundaries) Order 2012. Is féidir léarscáil de na ceantair rialtais áitiúil reatha a fheiceáil anseo: <https://www.lgbc-ni.org.uk/sites/lgbc/files/publications/baseline-map.pdf>.

Caibidil 3. An obair go dtí seo agus na príomh-gharspriocanna

- 3.1 Déantar achoimre sa chaibidil seo ar an obair a rinneadh go dtí seo sular foilsíodh na Moltaí Sealadacha uaim le haghaidh comhairliúchán poiblí. Tá achoimre ar na príomh-gharspriocanna ar fáil ag <https://www.lgbc-ni.org.uk/milestone-timeline>.
- 3.2 Maidir leis na sonraí is bonn eolais leis an Athbhreithniú, sholáthair Príomhoifigeach Toghchánaíochta Thuaisceart Éireann iad ar an Dáta Áirimh, mar a bhí an 4 Eanáir 2021.
- 3.3 Rinne mé idirchaidreamh le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde agus fuair mé staitisticí daonra a bhí cothrom le dáta chun eolas a dhéanamh don chur chuige a ghlacfaí i leith an Athbhreithnithe.
- 3.4 D'fhoilsigh mé fógra an 3 Feabhra inar fógraíodh an chéad chéim reachtúil den Athbhreithniú. Seoladh suíomh Gréasáin LGBC ar an dáta sin fosta. De bhreis air sin, chuir m'fhoireann in iúl do gheallsealbhóirí éagsúla go raibh an tAthbhreithniú ar bun. Áiríodh leo sin comhairlí, páirtithe polaitíochta, cumainn agus eagraíochtaí. Thug mé cuireadh do na geallsealbhóirí uile sin agus do dhaoine den phobal tograí a chur isteach.
- 3.5 Ag an am céanna ag a ndearnadh an obair anailísithe sonraí agus léarscáilíochta thar na míonna beaga seo, ar lena linn a d'oibrigh mé i ndlúthchomhar le hoifigigh léarscáilíochta agus cairtithe OSNI, bhí roinnt cruinnithe agam le comhairlí, le príomh-gheallsealbhóirí agus le comhpháirtithe soláthair chun eolas a dhéanamh don Athbhreithniú.
- 3.6 I mí na Bealtaine i mbliana, d'óstáil mé roinnt seisiún fíorúil faisnéise 'Buail leis an Choimisinéir' le hoifigigh agus comhaltaí ón 11 chomhairle. Bhí sé mar aidhm leis na seisiúin fhíorúla sin feasacht a mhéadú i measc comhairlí ar an Athbhreithniú ar mhaithe leis an phróiseas Athbhreithnithe agus na hamscálaí lena mbaineann a shoiléiriú. Is féidir roinnt de na ceistanna a tarraingíodh anuas le linn na seisiún sin a léamh ag <https://www.lgbc-ni.org.uk/faqs>.

Caibidil 4. An cur chuige ginearálta i leith an Athbhreithnithe

- 4.1 Tá breac-chuntas sa chaibidil seo ar an chur chuige a ghlac mé i leith an Athbhreithnithe ar Theorainneacha Rialtais Áitiúil. Agus mé ag tabhairt faoin chúram, ghníomhaigh mé faoi stiúir na reachtaíochta atá leagtha amach i Rannán 3 den tuarascáil seo.
- 4.2 Tá an cur chuige a ghlac mé i leith roinnt príomhghnéithe de Chuid III de Sceideal 4 d’Acht 1972 leagtha amach agam thíos.

Teorainneacha So-shainaitheanta

- 4.3 Luaitear an méid seo a leanas i mír 14: *‘tabharfar aird ar an inmhianaitheacht a bhaineann le teorainneacha ceantair agus barda atá so-shainaitheanta a chinneadh’*. Bhreithnigh Richard Mackenzie CB, mo réamhtheachtaí, an chiall leis an fhrása sin san Athbhreithniú roimhe ar Theorainneacha Rialtais Áitiúil i dTuaisceart Éireann sa bhliain 2008/2009. Scríobh sé:

‘Ciallaíonn coincheap na teorann so-shainaitheanta teorainn is féidir a aithint nó a dhéanamh amach go furasta nó le beagán dua. Bhí mé den tuairim gur fholaigh an frása gnéithe talún amhail línte bóthair agus iarnróid; inbhir, lochanna, aibhneacha agus limistéir ardtalún; cosáin, raonta rothar, teorainneacha gairdín agus goirt, agus ballaí; agus teorainneacha spásanna oscailte amhail páirceanna, reiligí agus galfchúrsaí.’

Aontaím le tuairim an Choimisinéara Mackenzie agus ghlac mé cur chuige atá cosúil le mír 14 i leith teorainneacha so-shainaitheanta a chinneadh.

Bailte fearainn

- 4.4 Forchuirtear dualgas le mír 15 gan bailte fearainn a roinnt ach amháin i gcás go measaim nach féidir é sin a sheachaint. Is minic nach féidir roinnt a sheachaint i gcás seanteorainneacha baile fearainn toisc gurb amhlaidh gur tháinig forbairtí níos nua-aimseartha ar an talamh in ionad na línte teorann sin i gcásanna áirithe. I limistéir thuithe a bhfuil ábharthacht shuntasach ag teorainneacha baile fearainn iontu go fóill, áfach, bhain mé úsáid as teorainneacha baile fearainn a mhéid is féidir le linn línte teorann a líniú.

Ceantar a Scoitheadh

4.5 Forchuirtear dualgas le mír 16 gan ceantar a scoitheadh le teorainn cheantair eile nó ceantar a chuimsiú le teorainn cheantair eile a mhéid is indéanta. Níl aon scoitheadh den sórt sin ar áireamh sna teorainneacha atá línithe agam.

Bardaí

4.6 Is iad seo a leanas tosca mhír 17 nach mór dom a chur san áireamh le linn bardaí a líniú:

(a) *méid, daonra agus éagsúlacht fhisiciúil an cheantair; agus*

(b) *an inmhianaitheacht gur cheart ionadaíocht chuí do thoghthóirí tuaithe agus do thoghthóirí uirbeacha a bheith ann laistigh den cheantar.*

Luaitear na tosca sin go sainráite mar nithe atá ábhartha do chumhachtaí agus dualgais an Choimisinéara faoi mhíreanna 18 agus 19.

4.7 Tugaim faoi deara gurb amhlaidh in Athbhreithniú 2008/09, le linn teorainneacha barda a chinneadh, gur aimsigh an Coimisinéir gur fhág an ceanglas faoi Riail 19 chun cothromú toghchánach a áirithiú go raibh sé riachtanach i roinnt cásanna na toghthóirí uirbeacha agus na toghthóirí tuaithe a nascadh san aon bharda amháin de bharr dháileadh an daonra. Is féidir go mbeidh sé sin riachtanach san Athbhreithniú seo fosta.

An Líon Bardaí i gCeantar

4.8 Le mír 18(1), socraítear an líon bardaí i ngach ceantar go teanntásach a bheith cothrom le 60 barda do Bhéal Feirste agus a bheith cothrom le 40 barda do na deich gceantar eile, faoi réir fhomhíreanna 18(2) agus (3), lena dtugtar an lánrogha dom a mholadh go bhféadfaí an líon bardaí a mhéadú agus a laghdú faoi chúig cinn ar a mhéad, agus aird á tabhairt ar na tosca i mír 17. Thug mé aird ar an lánrogha sin agus na moltaí sealadacha uaim á bhforbairt agam.

4.9 In Athbhreithniú 2008/09, chruthaigh an Coimisinéir Mackenzie CB 41 bharda in dhá cheantar: Cathair Ard Mhacha, Droichead na Banna agus Craigavon; agus An tIúr, Múrna agus an Dún. Agus na moltaí sealadacha seo á gceapadh agam, chuir mé na méaduithe sin san áireamh agus tá mé den tuairim gobhfuil, agus go mbeidh, an líon sin inmhianaithe sna Ceantair sin. Tá mé den tuairim ag an am seo nach inmhianaithe atá aon mhéadú nó laghdú eile nó breise sa líon bardaí in aon cheantar eile.

Bardaí atá *comhionann go substaintiúil*.

4.10 Ceanglaítear an méid seo a leanas le mír 19(1) de Sceideal 4:

*Laistigh d’aon cheantar ar leith, beidh, a mhéid is indéanta le réasún agus aird á tabhairt ar mhír 17, líon toghthóirí áitiúil atá **comhionann go substaintiúil** ann i ngach barda’. Sa Tuarascáil Moltaí Deiridh a táirgeadh tar éis Athbhreithniú 2008/2009, scríobh an Coimisinéir Mackenzie an méid seo a leanas i mír 2.12:*

‘Maidir leis an chiall atá le ‘comhionann go substaintiúil’, níor tugadh sainmhíniú cruinn ar an téarma sin go fóill agus bíonn sé ag brath ar an chomhthéacs áitiúil, lena n-áirítear dáileadh geografach na dtoghthóirí, dearadh agus leagan amach na bhforbairtí tithíochta, agus an tábhacht a leagtar ar na tosca i mír 17. Ar an ábhar sin a bhreithniú, tháinig mé ar an chonclúid gur cheart líon toghthóirí barda a bhfuil acu difríocht nach mó ná 10% leis an mheánlíon toghthóirí sa cheantar a mheas mar cheann atá ‘comhionann go substaintiúil’. Mar a tharlaíonn, tá gach barda laistigh de 10% den mheán luaite.’

4.11 An cheist nach mór dom a chur de bhun mhír 19(1) is ea cé acu atá nó nach bhfuil an líon toghthóirí áitiúla i ngach barda *comhionann go substaintiúil*. I mo thuairimse, is é atá i gceist leis sin cé acu a thagann nó nach dtagann na líonta faoi raon atá sách cúng a fhágann gur fiú a rá go bhfuil siad *comhionann go substaintiúil*. Is ábhar breithiúnais dom é sin.

4.12 Tá sé le tabhairt faoi deara fosta nach cáilithe atá an ceanglas go mbeadh siad ‘comhionann go substaintiúil’: tá an líon toghthóirí áitiúla i ngach barda le bheith *comhionann go substaintiúil a mhéid is indéanta le réasún*, agus tá aird le tabhairt agam ar mhír 17 le linn an tsaincheist sin a bhreithniú.

4.13 Tá mé sásta gur slat tomhais treorach úsáideach le haghaidh an Athbhreithnithe seo é an cur chuige a glacadh san Athbhreithniú roimhe, i.e. úsáid a bhaint as raon 10% os cionn agus faoi bhun mheánmhéid bardaí an Cheantair. Dá ainneoin sin, cuireadh an tslat tomhais sin i bhfeidhm go solúbtha agus gan an iomarca béime a bheith á leagan ar an raon +/-10% mar shlat tomhais dhian nó mar sprioc dhian. Ní mian liom tástáil atá ceaptha agam féin a chur in ionad na tástála reachtúla.

Caibidil 5. Ainm na gCeantar agus na mBardaí

- 5.1 Pléitear sa chaibidil seo le saincheist ainm na gCeantar agus na mBardaí. Ní thugtar treoir maidir le hainmniú ceantar agus bardaí sna Rialacha i gCuid III de Sceideal 4 d'Acht 1972.
- 5.2 Féadfaidh Comhairle Ceantair a roghnú go mbrandálfaidh sí a hainm ar bhealach atá difriúil lena hainm dlíthiúil agus féadfaidh sí an bhrandáil sin a chur ar bhonn foirmiúil nó ainm éigin eile a ghlacadh. Faoin Local Government Act (Northern Ireland) 1972, tá foráil ann (alt 51) lena gceadaítear do Chomhairle Ceantair iarratas a dhéanamh chuig an Roinn Pobal ar athrú ainm ag am ar bith. Mar thoradh air sin, féadfaidh aon Chomhairle Ceantair leas a bhaint as an mhodh sin chun a hainm dlíthiúil a athrú.
- 5.3 Níl baint agam le hathstuchtúrú a dhéanamh ar shamhail reatha an 11 Chomhairle Ceantair i dTuaisceart Éireann agus tá mé den tuairim nach bhfuil údar agam leis an ainm reatha ar cheann ar bith den 11 Cheantar a athrú. Ina theannta sin, níl aon údarás agam ar cheist an stádais 'buirge' ná ar cheist an stádais 'cathrach'. Faoi alt 2 den Local Government Act (NI) 1972, féadfaidh comhairle achainí a dhéanamh go ndeonófaí cairt lena n-ainmneofaí ceantar na comhairle mar bhuirg.
- 5.4 Níl aon fhoráil dhlíthiúil eile ann lena gcumasaítear ainm barda a athrú, rud a fhágann nach bhféadfar aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist ach amháin i gcomhthéacs na n-athbhreithnithe ar theorainneacha rialtais áitiúil.
- 5.5 Tá uiríoll faighte agam cheana féin á rá gur cheart ceantair agus bardaí araon a ainmniú i nGaeilge, go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla, nó go tritheangach i nGaeilge, i mBéarla agus in Ultais. Níor chuir mé an méid sin ar áireamh sna moltaí sealadacha uaim. Fáiltím roimh uiríll bhreise ar an tsaincheist sin le linn an mhórchomhairliúcháin phoiblí atá ar oscailt anois.
- 5.6 Anuas air sin, tá uiríll faighte agam lena n-iarrtar go n-athrófaí ainm ceantar. Tá uiríoll faighte agam á rá gur cheart an t-ainm Ceantair '*an Dún Thuaidh agus na hArda*' a athrú go '*Na hArda agus an Dún Thuaidh*'. Tá roinnt uiríoll faighte agam á rá gur cheart an t-ainm Ceantair '*An tLúr, Múrna agus an Dún*' a athrú go '*An tLúr, Múrna, Ard Mhacha Theas agus an Dún*'. Níor chuir mé ceachtar uiríoll díobh ar áireamh sna moltaí sealadacha uaim. Fáiltím roimh uiríll bhreise ar an dá cheann díobh le linn an mhórchomhairliúcháin phoiblí atá ar oscailt anois.

Caibidil 6. Modheolaíocht

6.1 De bhreis ar an rannán i gCaibidil 4 den Tuarascáil seo inar phléigh mé mo léiriú ar an reachtaíocht, cheap mé go mbeadh sé úsáideach breac-chuntas a thabhairt ar an mhodheolaíocht a ghlac mé agus mé ag tabhairt faoi mo chúram. Tá trí shnáithe le cur san áireamh ag mo chúram san Athbhreithniú seo: staitisticí, saincheistanna spásúlachta agus tosca sóisialta. Chuir mé ar áireamh fosta rannán ar an mhodheolaíocht theicniúil atá mar bhonn agus thaca ag Athbhreithniú 2021/22.

Staitisticí

- 6.2 Cuireadh de cheangal orm leis an chéad snáithe anailís a dhéanamh ar na staitisticí ar sholáthair Príomhoifigeach Toghchánaíochta Thuaisceart Éireann iad amhail an dáta áirimh, mar a bhí an 4 Eanáir 2021. Sna sonraí sin, sonraítear an líon toghthóirí atá ann i ngach ceann de na bardaí reatha. Chuir sé sin ar mo chumas mo mhachnamh a dhéanamh ar na hathruithe sa líon toghthóirí ar fud Thuaisceart Éireann ó bhí an bhliain 2008 ann agus anailís a dhéanamh ar thionchar na n-athruithe sin ar an líon toghthóirí laistigh de bhardaí aonair. Ceanglaítear leis an reachtaíocht go mbeadh ag gach barda laistigh de cheantar líon toghthóirí a bheadh *comhionann go substaintiúil* a mhéid is indéanta le réasún, agus aird á tabhairt ar mhír 17.
- 6.3 Mar atá leagtha amach i gCaibidil 4, tá mé den tuairim gur féidir gurb ionann *comhionann go substaintiúil* agus líon atá suas le 10% os cionn nó faoi bhun mheán an Cheantair. Ní sprioc shocraithe ná dhian í an difríocht 10% a chur i bhfeidhm agus tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mór tosca reachtúla eile amhail *méid, daonra agus éagsúlacht fhisiciúil* na gceantar a chur san áireamh le linn líniú teorainneacha barda nua a bhreithniú.
- 6.4 Ba léir gurbh amhlaidh i lear bardaí, ó dháta an Athbhreithnithe dheireanaigh i leith, gur tháinig méadú nó laghdú sa líon toghthóirí a bhí chomh mór sin go raibh siad i bhfad ar shiúl ó mheán a gCeantair. I roinnt cásanna, bhí an difríocht sin chomh mór le 50%. Agus na staitisticí á mbreithniú agam de réir barda, bhí mé in ann a fheiceáil go bhféadfaí an chothromaíocht riachtanach sa líon toghthóirí in aghaidh an bharda laistigh de Cheantar, rud a cheanglaítear le Riail 19, a bhaint amach ach sraith gluaiseachtaí inmheánacha toghthóirí a dhéanamh, **gan cur isteach, nó gan ach beagán cuir isteach, a bheith ann ar na teorainneacha ceantair seachtracha.**

6.5 Bhí an breathnú sin mar bhonn eolais leis an chur chuige a ghlac mé i leith na chéad chéime eile de mo chuid oibre, rud a raibh sé i gceist leis na struchtúir bharda reatha a athchumrú trí bhíthin sraith gluaiseachtaí beaga incriminteacha toghthóirí laistigh de gach Ceantar. Bhí súil agam go bhféadfaí an cur chuige sin a úsáid chun na bardaí reatha a athchothromú chun go bhféadfaí a rá go bhfuil gach ceann de na ceantair *comhionann go substaintiúil*, agus athmhúnlú radacach na línte teorann ceantair agus gluaiseacht toghthóirí ar fud teorainneacha ceantair á seachaint ag an am céanna.

Saincheisteanna spásúlachta

- 6.6 An dara snáithe den obair san Athbhreithniú seo ba ea na staitisticí toghcháin a bhreithniú ó thaobh na spásúlachta de. Ba é a bhí i gceist leis sin na sonraí toghcháin a léarscáiliú ar léarscáil suirbhéireachta ordanáis de gach Ceantar. Chuir sé sin ar mo chumas a dhéanamh amach go cruinn cá bhféadfaí athruithe a dhéanamh ar theorainneacha ar an bhealach is éifeachtaí chun an cothromú staitistiúil a cheanglaítear a bhaint amach. Agus mé ag cur chuig na tosca spásúlachta, bhí sé mar chúram orm a chinntiú gur san áit chuí a dhéanfaí na hathruithe ar na teorainneacha a mbeadh mar aidhm leo an líon toghthóirí i mbarda ar leith a laghdú nó a mhéadú de réir mar is gá. Bhí sé mar chúram orm fosta a chinntiú go bhféadfaí a rá go bhfuil na línte teorann nua *so-shainaitheanta* de réir Mhír 14.
- 6.7 Mar atá pléite i gCaibidil 4, bhí sé i gceist leis an chur chuige a ghlac mé i leith teorainneacha *so-shainaitheanta* sainaithint a dhéanamh ar ghnéithe ar an talamh a d'fhéadfadh cabhrú le líniú a dhéanamh ar línte loighciúla so-aitheanta scartha agus a mbeadh ciall leo ó thaobh na ngnéithe fisiciúla laistigh den limistéar spásúil sin de.
- 6.8 Chuige sin, cuireadh ar mo chumas mo chuid oibre a dhéanamh tríd an teicneolaíocht dhigiteach agus an saineolas atá ag léarscáilithe gairmiúla in OSNI, a d'oibrigh i ndlúthchomhar liomsa agus le m'fhoireann chun samhaltú spásúlachta den chaighdeán teicniúil is airde a tháirgeadh. Tá mé faoi chomaoin ag obair m'fhoirne agus ár gcomhpháirtithe in OSNI as mo léarscáileanna molta a tháirgeadh. Tá breac-chuntas níos mine ar an phróiseas sin le fáil thíos.

6.9 Saincheist thábhachtach spásúlachta nach mór béim a leagan uirthi is ea saincheist an **aghloit**. Is minic nach mbíonn teorainneacha riaracháin soiléir le feiceáil ar an talamh agus is féidir iad a aghlot le himeacht ama de bharr teagmhais nádúrtha amhail creimeadh cósta agus, rud ba choitianta fós, le forbairt nua foirgneamh a bhféadfadh go mbeadh athrú déanta acu ar na gnéithe ar an talamh a bhíodh ag líniú na líne teorann riaracháin tráth. Cé gur ghlac mé cur chuige na hidirghabhála íosta agus línte teorann Ceantair á moladh agam sna Moltaí seo, bhí orm idirghabháil a dhéanamh le teorainneacha Ceantair i gcás gur sainaitníodh aon aghlot. Bhí sé mar aidhm leis an idirghabháil sin an líne teorann a athrú chun dáta chun go mbeidh sí ag teacht le forbairtí tógála nua, amhail tithe nua agus bóithre, a bhféadfadh go mbeadh an líne teorann atá ann cheana aghloite acu.

Tosca sóisialta

- 6.10 Is í an ghné shóisialta de na hathruithe molta an chéad chéim eile den phróiseas um Theorainneacha a Athbhreithniú. Cuirfidh mé fáilte roimh aon uiríll a measann na comhairlithe iad a bheith ina gcabhair dom agus mé ag comhlíonadh an chúraim atá orm faoi Acht 1972. Beidh sé fúmsa a bhreithniú ansin, agus tagairt á déanamh do na Rialacha Reachtúla nach mór dom cloí leo, mar atá leagtha amach ag <https://www.lgbc-ni.org.uk/schedule-4-rules-accordance-which-recommendations-commissioner-are-be-made>, cé acu a chabhraíonn nó nach gcabhraíonn an fhaisnéis arna soláthar ag comhairlithe liom an cúram sin a chur i gcrích agus, má chabhraíonn, cén dóigh a gcabhraíonn an fhaisnéis sin liom déanamh amhlaidh.
- 6.11 Tá súil agam go spreagfaidh na moltaí sealadacha seo plé i measc an phobail agus go spreagfaidh siad idirchaidreamh fiúntach lena gcuirfear ar mo chumas tuairimí na ndaoine ar fud na gceantar agus na mbardaí a thuiscint. Tá súil agam go bhfaighidh mé tuairimí ón oiread daoine agus is féidir.

Modheolaíocht theicniúil

- 6.12 Cuid lárnach den Athbhreithniú seo is ea úsáid a bhaint as teicneolaíocht nuálach. Sa Chóras Faisnéise Geografaí ar baineadh úsáid as chun an tAthbhreithniú a éascú, baintear leas as tacair sonraí criticiúla amhail sonraí faoin líon toghthóirí agus as tacair sonraí léarscáilíochta atá cruinn agus cothrom le dáta. Sholáthair OSNI na sonraí léarscáilíochta uile. Ba iad **Pointer**, **OSNI Fusion** agus **OSNI Orthophotography** na príomhthacair sonraí ar baineadh úsáid astu. Tá míniú le fáil thíos ar na tacair sonraí sin agus ar an dóigh ar baineadh úsáid astu chun an tAthbhreithniú a éascú. Sócmhainn ollmhór ba ea an raon leathan sonraí agus teicneolaíochtaí tacaíochta atá ag OSNI. Rud a bhí chomh tábhachtach céanna, áfach, ba ea an rochtain ar bhaill foirne a bhfuil eolas agus saineolas fairsing acu ar fhaisnéis gheografach. Sholáthair Oifig Thoghchánaíochta Thuaisceart Éireann na **sonraí faoin líon toghthóirí**. Cuireadh na sonraí faoin líon toghthóirí faoi phróiseas **geochódúcháin** ar sheol OSNI é ansin.

Téarmaíocht

6.13 Thug mo chomhghleacaithe in OSNI na mínithe thíos ar na príomhthéarmaí teicniúla:

- **Pointer** – is é seo an bunachar sonraí seoltaí is cuimsithí agus is údarásaí do Thuaisceart Éireann. Cuimsítear ann breis agus 870,000 taifead seolta agus coimeádann Seirbhísí Talún agus Maoine ar bun é le hionchur ó na comhairlí áitiúla agus ó Royal Mail. Cuimsítear i ngach taifead na mionsonraí faoin seoladh iomlán, uimhir thagartha uathúil maoine, faisnéis faoin seoladh agus faoi stádas an fhoirgnimh agus na comhordanáidí ar Eangach na hÉireann. Is féidir Pointer a úsáid mar aimsitheoir seoltaí (uimhir thagartha uathúil maoine) nó mar aimsitheoir ilchodach seoltaí (uimhir foirgnimh, ainm sráide agus postchód).
- **OSNI Fusion** – is é seo an táirge léarscáilíochta veicteoirí mórskála is déanaí eisiúint. Cuimsítear ann gnéithe sannta pointe, líne agus polagáin lena léirítear gnéithe so-shainaitheanta fíorshaoil ar an talamh.
- **OSNI Orthophotography** – ciallaíonn sé seo aer-ghrianghrafadóireacht dhigiteach gheothagartha lena dtugtar radharc mionsonraithe anuas ar an tírdhreach. Gabhtar na limistéir uile de Thuaisceart Éireann gach trí bliana.
- **Sonraí faoin líon toghthóirí** – ciallaíonn sé seo an líon toghthóirí atá cláraithe chun vótáil ag toghcháin Rialtais Áitiúil agus ag toghcháin Thionól Thuaisceart Éireann. Cuimsítear seoladh poist agus Uimhir Thagartha Uathúil Maoine sna sonraí sin.
- **Geochódú** – ciallaíonn sé seo an próiseas um shuíomh a shannadh, rud a dhéantar i luachanna comhordanáide de ghnáth, do sheoladh trí na gnéithe tuairisciúla suímh sa seoladh a chur i gcomparáid leo sin atá i láthair san ábhar tagartha. Tá seoltaí le fáil ina lán foirmeacha difriúla. Áirítear leo gnáthfhormáid seolta ina dtugtar an uimhir tí, an t-ainm sráide agus faisnéis iartheachtach, agus tuairisceoirí eile suímh amhail an postchód nó an limistéar comhairle. Sa chuid is mó de chásanna, déantar geochódú ar thábla seoltaí. Chun an próiseas sin a chur i gcrích, teastaíonn an tábla ina stóráiltear na seoltaí ba mhaith leat a gheochódú agus ábhar tagartha i riocht aimsitheoir seoltaí nó aimsitheoir ilchodach seoltaí. Meaitseáiltear an tábla seoltaí leis an ábhar tagartha/aimsitheoir agus sanntar luach comhordanáide do gach taifead ionchuir meaitseáilte.

An Tasc Teicniúil

- 6.14 Déantar an Fhaisnéis Gheografach ábhartha ar fad a óstáil ar Thairseach Spatial NI. Ní cheadaítear ach d’fhoireann léarscáilíochta OSNI agus d’fhoireann LGBC í a rochtain. Cruthaíodh feidhmchlár simplí léarscáilíochta Gréasánbhunaithe chun cabhrú leis na sonraí a amharcléiriú agus a anailísiú. Agus úsáid á baint as miondealú staitistiúil ar an líon toghthóirí i ngach barda san 11 cheantar, sainathnódh an meánlíon toghthóirí in aghaidh an bharda. Leis sin, bhíothas in ann na limistéir a mbeadh sé riachtanach an líon toghthóirí a athchothromú iontu a shainaithint go réidh, i.e. limistéir ina bhfuil an líon toghthóirí in aghaidh an bharda i bhfad níos airde nó i bhfad níos ísle ná an meán sin.
- 6.15 Ar an chéad dul síos, bhreithnigh an ball d’fhoireann OSNI an miondealú staitistiúil i gcoibhneas leis an cheantar agus trí úsáid a bhaint as coincheap na teorainneacha so-shainaitheanta agus mhol sé nó sí réitigh chun bardaí a thabhairt faoi raon an cheantair. Ag an am céanna, bhain an ball d’fhoireann LGBC úsáid as an fheidhmchlár léarscáilíochta Gréasánbhunaithe chun é nó í féin a chur ar an eolas faoi gheografaíocht an cheantair agus faoin anailís staitistiúil. Bhuail an bheirt acu le chéile go fíorúil ansin chun na tograí a phlé agus chun réitigh a thabhairt ar aghaidh ar mhaithe leis an líon toghthóirí a athchothromú go comhoibríoch.
- 6.16 Baineann foireann OSNI úsáid as bogearraí ríomhaire deisce a bhfuil ardfheidhmiúlacht agus ard-uirlisí acu le haghaidh na teorainneacha barda a óstáiltear ar Thairseach Spatial NI a chur in eagar. Tá ceadanna ag foireann LGBC chun feidhmchlár srianta léarscáilíochta Gréasánbhunaithe a rochtain. Ceanglaítear fíordheimhniú úsáideora leis an fheidhmchlár léarscáilíochta sula seolfar é. Cuireann sé sin ar chumas foireann LGBC aon nithe a cuireadh in eagar a fheiceáil agus a cheistiú i bhfíor-am, beagnach. Is ann fosta d’fheidhmiúlacht bhreise lena ríomhfar an líon toghthóirí athchothromaithe ar ala na huairde de réir mar a athraítear teorainneacha chun dáta ach úsáid a bhaint as na sonraí léarscáilíochta faoin líon toghthóirí. Bhí foireann LGBC in ann an dul chun cinn a rianú, na teorainneacha barda curtha in eagar a fheiceáil, na sonraí a cheistiú chun a fheiceáil cén foireann a rinne an cur in eagar agus amharc ar fhiúirí athchothromaithe nua faoin líon toghthóirí i bhfeidhmchlár so-úsáidte aonair ar líne.
- 6.17 A luaithe a bhí comhfhoireann OSNI/LGBC sásta gur thángthas ar dhréachtréitigh réasúnacha chun an líon toghthóirí i ngach limistéar ceantair a athchothromú, chuir an foireann dréacht-tograí, lena n-áirítear léarscáileanna, ar aghaidh chugam lena mbreithniú. Bhí sé fúmsa ansin fiúntas na dtograí a bhreithniú i gcomparáid leis na Rialacha Reachtúla.

Dúshláin

6.18 Coimeádtar ar Chlár Toghthóirí Rialtais Áitiúil Oifig Thoghchánaíochta Thuaisceart Éireann faisnéis seolta nár caighdeánaíodh/nár ailíníodh le **Pointer**. Tá éagsúlacht ann sa dóigh a gcuirtear roinnt seoltaí i láthair, rud a fhágann nach próiseas éasca é an próiseas geochódúcháin i ngach cás. Tagann deacrachtaí chun cinn i roinnt cásanna, lena n-áirítear le linn na nithe seo a dhéanamh:

- idirdhealú a dhéanamh idir seoltaí athbhríocha amhail 39 Bóthar na Mala agus 39 Bóthar na Mala Uachtarach
- iarracht a dhéanamh seoltaí neamhiomlána a gheochódú nuair atá roinnt faisnéise ar iarraidh
- iarracht a dhéanamh seanseoltaí a gheochódú le haghaidh foirgnimh a scartáladh agus a baineadh de Pointer
- iarracht a dhéanamh seoltaí a gheochódú le haghaidh sráid ar athraíodh a hainm agus nár athraíodh chun dáta í in Pointer go fóill; agus
- iarracht a dhéanamh seoltaí nua a gheochódú le haghaidh sráid nár cuireadh le Pointer go fóill.

6.19 Thángthas ar mheaits 98.9% mar thoradh ar úsáid a bhaint as aimsitheoir seoltaí Pointer chun seoltaí a gheochódú. Bhí sé riachtanach an 1.1% nach raibh meaits acu tar éis úsáid a bhaint as aimsitheoir seoltaí Pointer a gheochódú de láimh. Chun a chinntiú go nglacfaí cur chuige comhsheasmhach, cuireadh roinnt céimeanna loighciúla i bhfeidhm maidir leis an phróiseas seo. Tá siad mar a leanas:

- Úsáid a bhaint as an phostchód tugtha chun gach taifead seolta ar Pointer atá ag meaitseáil a aimsiú agus comhordanáidí a shannadh ar bhonn na huimhreach foirgnimh cirte/an ainm sráide chirt
- Úsáid a bhaint as an phostchód tugtha chun gach taifead seolta ar Pointer atá ag meaitseáil a aimsiú agus comhordanáidí a shannadh ar bhonn uimhreach foirgnimh cirte/ainm sráide chirt (i gcás gurb é 39A Bóthar na Mala seoladh an toghthóra, is féidir gur meaits comhchosúil seolta é 39 Bóthar na Mala)
- Úsáid a bhaint as an phostchód tugtha chun gach taifead seolta ar Pointer atá ag meaitseáil a aimsiú agus comhordanáidí a shannadh ar bhonn na comharsan is gaire don uimhir foirgnimh cheart/don ainm sráide ceart (i gcás gurb é 39 Bóthar na Mala seoladh an toghthóra, is féidir gurb é 37 Bóthar na Mala meaits na comharsan is gaire)

- Úsáid a bhaint as an phostchód tugtha chun gach taifead seolta ar Pointer atá ag meaitseáil a aimsiú agus comhordanáidí a shannadh ar bhonn an tseolta is gaire don uimhir foirgnimh cheart/don ainm sráide cheart (i gcás gurb é 39 Bóthar na Mala seoladh an toghthóra, is féidir gurb é 39 Bóthar na Mala Uachtarach an meaits is gaire)
- Úsáid a bhaint as an phostchód tugtha chun gach taifead seolta ar Pointer atá ag meaitseáil a aimsiú. I gcás nach ann d’aon mheaits ar bhonn na gcritéar thuas, baineann muid úsáid as foinsí eile faisnéise amhail tuairiscí dúiche amhail logainmneacha/bailte fearainn, má chuirtear ar áireamh iad san fhaisnéis seolta, agus as ortafótagrafaíocht chun radharc anuas a fháil ar an dúiche chun seoltaí nua a shainaithint

6.20 I gcás nach bhfuil meaits loighciúil ann ar bhonn na nithe thuas, beidh an seoladh neamh-mheaitseáilte fós. Thángthas ar mheaits 99.99% mar thoradh ar úsáid a bhaint as aimsitheoir seoltaí Pointer agus as geochódú de láimh. Ní cruinn a bheidh an 1.1% de sheoltaí a geochódaíodh de láimh ach tá sé réasúnach talamh slán a dhéanamh de go mbeidh siad lonnaithe i ndlúthchóngar an tseolta iarbhír, bunaithe ar an fhaisnéis ar fad atá ar fáil. Is ann fós do 138 dtoghthóir neamh-mheaitseáilte (0.01%).

6.21 Is é an toradh atá ar an phróiseas geochódúcháin lámhe ná difríochtaí an-bheag atá neamhshuntasach ó thaobh staidrimh de sna figiúirí toghthóirí deiridh a úsáideadh le haghaidh an Athbhreithnithe agus sna figiúirí ar fhoilsigh Oifig Thoghchánaíochta Thuaisceart Éireann iad ar an dáta áirimh.

Caibidil 7. Moltaí Sealadacha le haghaidh an 11 Cheantar.

7.1 Ceantar Aontroma agus Bhaile Nua na Mainistreach

An teorainn cheantair

7.1.1 Molaim go n-athrófaí an teorainn cheantair chun aghloit na teorann le ceantar Aontroma Láir agus Thoir ag Bóthar Lóiste na Feirme agus an Bóthar Uachtarach, an tOileán Glas, a chur san áireamh ar mhaithe le réadmhaoine i bhforbairt tithíochta nuathógtha a aistriú chuig ceantar Aontroma Láir agus Thoir.

An líon bardaí agus teorainneacha na mbardaí

7.1.2 Molaim go mbeadh an ceantar comhdhéanta de 40 barda go fóill agus is sa tábla thíos atá ainm na mbardaí agus líon toghthóirí na mbardaí. Rinneadh roinnt athruithe ar theorainneacha na mbardaí chun cloí leis an cheanglas reachtúil go mbeadh an líon céanna toghthóirí, a bheag nó a mhór, ag gach barda laistigh den cheantar. Is ann do 100909 dtoghthóir san iomlán sa cheantar, figiúr atá cothrom le 2522 thoghthóir in aghaidh an bharda. Tá sé mar aidhm le m'athruithe molta an líon toghthóirí a chothromú de réir mar is gá.

7.1.3 Is féidir na hathruithe atá molta agam ar theorainneacha na mbardaí a rochtain ach cliceáil anseo: [Aontroim agus Baile Nua na Mainistreach](#).

7.1.4 Is leagtha amach sa tábla thíos atá an líon toghthóirí reatha in aghaidh an bharda (amhail an 4 Eanáir 2021) agus an líon toghthóirí beartaithe nua in aghaidh an bharda.

Tábla 1. Aontroim agus Baile Nua na Mainistreach

An líon bardaí – 40	An líon iomlán toghthóirí – 10909	An meánlíon toghthóirí in aghaidh an bharda – 2522
Ainm an bharda	An Líon Toghthóirí Reatha ¹	An Líon Toghthóirí Beartaithe
An Mhainistir	2404	2404
An Garrán Fearnóige	2728	2728
Aontroim Láir	2796	2726
Bealach Cláir Thoir	2684	2767
Bealach Cláir Thiar	2838	2748
